Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Meán Fómhair 2026**
**(OR. en)**

**11752/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0218(NLE)**

**AELE 65**
**FL 33**
**ISL 43**
**N 69**
**MI 766**
**ENER 510**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste LEE a bhaineann leis an leasú ar Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE (Cód gréasáin maidir le sásraí leithdháilte acmhainneachta i gcórais tarchurtha gáis) |

**CINNEADH (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste LEE a bhaineann leis an leasú ar Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE (Cód gréasáin maidir le sásraí leithdháilte acmhainneachta i gcórais tarchurtha gáis)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 95, i gcomhar le hAirteagal 218(9), de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 maidir le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[1], agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L 305, 30.11.1994, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1994/2894/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[2] ('Comhaontú LEE') i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, is féidir le Comhchoiste LEE Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE, *inter alia*, a leasú.

(3) Is iomchuí Rialachán (AE) 2017/459 ón gCoimisiún[3] a ionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Ba cheart Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir.

(5) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh i gComhchoiste LEE a bhaineann leis an leasú ar Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE a bhunú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[2] IO L 1, 3.1.1994, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1994/1/oj.

[3] Rialachán (AE) 2017/459 ón gCoimisiún an 16 Márta 2017 lena mbunaítear cód gréasáin maidir le sásraí leithdháilte acmhainneachta i gcórais tarchuir gáis agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 984/2013 (IO L 72, 17.3.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/459/oj).

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, i gComhchoiste LEE a bhaineann leis an leasú atá beartaithe ar Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm dáta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*